



Plean Oidhreachta Fhine Gall 2018–2023



Buíochas

Is mian le Fóram Oidhreachta Fhine Gall agus Comhairle Contae Fhine Gall buíochas a ghlacadh leis an gComhairle Oidhreachta as an tacaíocht a thug siad agus an Plean Oidhreachta seo á chur le chéile, i gcomhpháirt le Comhairle Contae Fhine Gall. Anuas air sin, tugann an Fóram agus Comhairle Contae Fhine Gall aitheantas do ról An Dr Gerry Clabby (Oifigeach Oidhreachta Fhine Gall 2003–2018) agus Sinéad Begley ó Sinéad Begley & Associates Ltd. agus an Plean Oidhreachta á chur le chéile, chomh maith le gach duine a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin. Tugann an Fóram agus Comhairle Contae Fhine Gall aitheantas don tacaíocht airgeadais a fuarthas ón gComhairle Oidhreachta mar chabhair chun post an Oifigigh Oidhreachta a chistiú, chomh maith le tionscadail faoin bPlean Oidhreachta a chur i bhfeidhm.



Clár na nÁbhar

Réamhrá	3
Réamheolas	5
Seirbhísí Oidhreachta Chontae Fhine Gall	21
Téamaí agus Gníomhartha	29
Téama 1: Ár n-oidhrecht a chur i láthair do phobal níos leithne	30
Téama 2: Aire a thabhairt dár nOidhrecht	31
A. Ár n-eolas a mhéadú agus oiliúint a éascú	31
B. Ár n-oidhrecht a bhainistiú	31
Téama 3: An leibhéal gníomhaíochta pobail a bhaineann le hoidhrecht a mhéadú	34
A. Tacaíocht a thabhairt do phobail áitiúla aire a thabhairt d'oidhrecht	34
B. Oidhrecht a chomhtháthú i gclár imeachtaí pobail Chomhairle Contae Fhine Gall	35
Téama 4: Ag tacú leis an ngeilleagar áitiúil	36
A. Aire dár n-oidhrecht a chomhtháthú i bhforbairt gheilleagrach	36
B. Ag tacú le hoidhrecht mar áis d'Fhine Gall	36
Cur i bhfeidhm	39
Monatóireacht	40



Réamhrá

Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach

Tá bród orm fáilte a chur roimh an tríú Plean Oidhreachta d'Fhine Gall, plean a léiríonn tiomantas leanúnach Choiste Feidhmiúcháin agus Baili Thofa Chomhairle Contae Fhine Gall d'aire a thabhairt dár nOidhreacht. Tá féiniúlacht an-speisialta ag Fine Gall, féiniúlacht atá bunaithe ar an bpobal agus ar thraidisiún, agus atá nasctha lenár n-oidhreacht shaibhir a chlúdaíonn an cósta agus an tuath chomh maith le bailte agus sráidbhailte. Ní hamháin go gcosnóidh bainistíocht inbhuanaithe ár n-oidhreacht ár suíomhanna seandálaíochta, tithe stairiúla, an tírdhreach, an cósta agus na gnáthóga, ach tacóidh sé le turasóireacht agus fóillíocht agus cuirfidh sé folláine chun cinn. Tá daonra Fhine Gall óg agus tá sé éagsúil ó thaobh eitneachta agus cultúir de. Léiríonn an plean seo na cuir chuige nua atá ag teastáil le lucht spéise nua a mhealladh maidir le hoidhreacht.

D'éascair an Plean Oidhreachta as próiseas rannpháirteach inar ghlac an pobal, grúpaí comhshaoil, comhlachtaí reachtúla áirithe, agus daoine aonair a thug a gcuid ama go flaitiúil tríd an bhFóram Oidhreachta Fhine Gall agus a rinne obair ar bhealach eile chun an plean seo a ullmhú. Chonaiceamar an luach a bhaineann le comhpháirtíocht agus aghaidh á thabhairt ar riachtanais agus ábhair imní oidhreachta áitiúla, agus creidim go mbeidh ról lárnach maidir le rath an phlean seo ag an gcur chuige comhoibríoch a úsáideadh chun é a chur le chéile. Táim ag tnúth leis an gcreat straitéiseach seo maidir le hoidhreacht Fhine Gall a chosaint, a bhainistiú agus a chur chun cinn a chur i bhfeidhm. Táim ag tnúth leis an bplean a chur i bhfeidhm sna cúig bliana atá amach romhainn, agus creidim go mbainfidh ár n-oidhreacht agus gach duine a bhfuil cónaí orthu i, a oibríonn i nó a thugann cuairt ar Fhine Gall leas as.



Paul Reid
Príomhfheidhmeannach



Teachtaireacht ón Mhéara

Mar Mhéara Chomhairle Contae Fhine Gall, tá ríméad orm go bhfuil baint agam le foilsiú den Plean Oidhreachta Fhine Gall 2018 – 2023. Tá oidhreacht shaibhir agus éagsúil ag Fhine Gall agus táimid fíorbhródúil as sin. Cuireann an plean seo creatlach shoiléir ar bun trínar féidir linn an oidhreacht sin a chosaint, a bhainistiú agus a cheiliúradh sna blianta atá amach romhainn, ag déanamh forbartha ar neart na bpleananna roimhe seo agus ar an obair a rinneadh go dtí seo. Trí thuiscint níos fearr ar oidhreacht a chur chun cinn, spreagadh a thabhairt maidir le hoidhreacht a chur san áireamh i bhforbairt straitéiseach agus trí aitheantas a thabhairt don ról fíorthábhachtach atá aici maidir le comhfhorbairt áite agus fás inbhuanaithe, cuirfidh an plean seo oidhreacht os comhair pobail níos leithne ionas go gcabhróidh rannpháirteachas gach duine, a ghlacann páirt i agus a bhaineann sult as oidhreacht, le hoidhreacht a chosaint.

De réir mar a fhásann an Contae agus mar a fhorbraíonn sé, tá sé tábhachtach go gcuirimid luach ár n-oidhreacht in iúl do chónaitheoirí nua agus an chéad ghlúin eile. Neartóidh an cur chuige comhpháirtíochta seo, trasna pobail agus idir na ranna laistigh den Chomhairle, na tairbhí sóisialta, oideachasúla agus eacnamaíocha a bhaineann le hoidhreacht agus cumasóidh sé soláthar an phlean seo. Thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill an Fhórait Oidhreachta Fhine Gall chomh maith leo siúd a rinne obair shárluachmhar ar son an phlean nua oidhreachta. Ba mhaith liom chomh maith mo bhuíochas a ghabháil leis an gComhairle Oidhreachta a thacaigh leis an bpróiseas seo. Díríonn an Plean Oidhreachta Fhine Gall 2018-2023 ar mhuintir an Chontae agus táim ag tnúth leis an bplean a chur i bhfeidhm sna blianta atá amach romhainn.



Cllr. Anthony Lavin
Méara



Réamheolas

An Luach a Bhaineann le hOidhreacht

Tugann oidhreacht ómós áite agus ba cheart go mbainfeadh gach duine sa phobal úsáid agus leas as oidhreacht mar chuid den ghnáthshaol. Táimid timpeallaithe le hoidhreacht nádúrtha, tírdhreach, geolaíocht, gnáthóga, fiadhúlra agus an cósta agus na hoileáin ar leith amach ón gcósta Fhine Gall san áireamh. Tá noda don am atá thart agus iarsmaí na nglúnta roimhe seo le feiceáil i suíomhanna seandálaíochta, leachtanna, tithé agus eastáit stairiúla, stair áitiúil, ceol agus seanchas béil ar fud an chontae. Is cuma cé acu arb as do Bhaile Bhlainséir nó Baile Brigín, Sord nó Seantrabh, Baile an Phóirtéaraigh nó Port Mearnóg thú, insíonn oidhreacht scéal na háite inar rugadh thú, nó ina bhfuil cónaí ort anois, agus conas a d'athraigh agus a d'fhorbair an áit leis na céadta bliain anuas.

Tá ag méadú ar an aitheantas atá ar ár spleáchas ar ár n-oidhreacht nádúrtha agus na tairbhí agus seirbhísí a chuireann sé ar fáil, cosúil le haer glan, uisce, bia agus amhábhair. Tá ag méadú ar an aitheantas chomh maith gur foirm bonneagar glas iad sócmhainní nádúrtha, a bhfuil feidhmeanna lárnacha acu i dtaca lenár bpobail. Ní hamháin go dtacóidh bainistíocht inbhuanaithe ár n-oidhreacht nádúrtha le fóillíocht agus turasóireacht agus go meallfaidh sí gnóthaí go dtí Fine Gall, imreoidh sé ról tábhachtach maidir le hoiriúnú don athrú aeráide.



Tuama Ursanach Bhinn Éadair

Réamheolas



Muilte na Sceirí

Neartaíonn ár n-oidhreacht chultúrtha ár saol agus cuireann sí lenár mbraistint folláine agus muintearas. Is cuid d'fhéiniúlacht ar leith gach ceantar áitiúil í agus cuireann sí lenár n-ómós áite. Trínár n-oidhreacht agus cultúir dhifriúla a roinnt agus a cheiliúradh cuirtear folláine chun cinn agus cothaítear muintearas. Go simplí, is cuid dinn í an oidhreacht.

Is léir an meas atá ag an bpobal i bhFine Gall ar oidhreacht ón líon grúpaí áitiúla a bhfuil páirt ghníomhach acu maidir le hoidhreacht áitiúil a thuiscint agus a chosaint. Léirítear an meas seo chomh maith sna torthaí ón taighde a choimisiúnaigh Comhairle Contae Fhine Gall le déanaí, torthaí a thug le fios gurb iad na tréithe a bhaineann cónaitheoirí le Fine Gall ná spásanna glasa, tráanna, oidhreacht agus caisleáin, tréithe a léiríonn go gcuireann oidhreacht le caighdeáin na beatha.

Cé go bhfuil luach intreach stairiúil, caomhnaithe agus taitneamhachta ag oidhreacht, cuireann sé leis an ngeilleagar chomh maith trí thurasóireacht agus trí áit tharraingteach a dhéanamh d'Fine Gall ó thaobh oibre agus gnó de. Meastar go forleathan go mbeidh turasóireacht agus an earnáil agraibhia taobh thiar den fhás

geilleagrach i bhFine Gall. Braitheann turasóireacht go mór ar thurais lae, go háirithe go dtí an cósta agus na taitneamhachtaí oidhreachta¹. Meallann ceithre phríomháit oidhreachta (Caisleán Mhullach Íde, Caisleán Ard Giolláin, Teach Dhroichead Nua agus Muilte na Sceirí) thart ar 200,000 cuairteoir a íocann airgead gach bliain agus meastar gurb ionann an luach eacnamaíoch don gheilleagar níos leithne i bhFine Gall a bhaineann leis seo agus €10.5 milliún gach bliain². Sáraíonn líon iomlán na ndaoine a thugann cuairt ar thránna, páirceanna agus foirgnimh oidhreachta an chontae, agus ar áiteanna eile a bhfuil tóir orthu cosúil le Ceann Bhinn Éadair, an líon seo i bhfad. Is cuid thábhachtach eile de gheilleagar an Chontae í talmhaíocht agus d'fhorbair roinnt gnólachtaí idirnáisiúnta bia as traidisiún fada gortóireachta an chontae. Braitheann na hearnálacha seo ar cháilíocht ard chomhshaoil agus ar bhainistíocht inbhuanaithe den oidhreacht nádúrtha.

Is léir go bhfuil sé ríthábhachtach oidhreacht a chosaint agus a bhainistiú go hinbhuanaithe ar mhaithe le cúiseanna sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíochta, chomh maith lena luach intreach don phobal agus do dhaoine aonair.

Oidhreacht Fhine Gall

Tá oidhreacht chultúrtha shaibhir agus éagsúil ag Fine Gall. Tá an cósta, na hoileáin, tírdhreach na tuaithe, sráidbhailte agus bailte, leachtanna, tithe stairiúla, stair áitiúil agus seanchas béil ina gcomharthaí sóirt ag an oidhreacht sin. Tá tírdhreach fíneálta ar leith ag Fine Gall, tírdhreach a chuimsíonn 21 láthair thábhachtach geolaíochta contae a shainaitheann Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (GSI), cosúil le Reachrainn agus láithreacha ar an gcósta. Is ann do líon maith láithreacha bithéagsúlachta, na hinbhir ag Baile Dúill, Baile Roiséir agus Mullach Íde san áireamh, áiteanna ina bhfuil gnáthóga agus speicis thábhachtacha agus raon éan pórúcháin agus imirceach. Ainmnítear na huiscí amach ón gcósta Fhine Gall mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus cuireann an limistéar seo gnáthóg thábhachtach ar fáil don mhuc mhara. Tá 13 mhórthrá ar an gcósta, a théann ó Bhinn Éadair go dtí ó thuaidh ó Bhaile Brigín, agus tá luach láidir fóillíochta agus taitneamhachta ag baint leis na tránna sin do chónaitheoirí agus don earnáil turasóireachta atá ag fás sa chontae. Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag leanúint den Bhealach Cósta Fhine Gall a fhorbairt. Feabhsóidh an Bealach rochtain ar na tránna, oidhreacht chósta agus áiseanna. Imríonn an Chomhairle ról tábhachtach maidir leis an Tearmann

1 Straitéis Turasóireachta Fhine Gall 2015–2018

2 Athbhreithniú ar Réadmhaoin Oidhreachta Fhine Gall 2016, tuarascáil a d'ullmhaigh SLR Consulting i gcomhar le Alan Hill Tourism agus Nevin Associates.



Réamheolas



Inis Mac Neasáin

Bithsféir Bhá Bhaile Átha Cliath a bhfuil sé mar aidhm aige réitigh inbhuanaithe a aimsiú le Bá Bhaile Átha Cliath a bhainistiú, chomh maith leis ceantar máguaird, do dhaoine agus don dúlra³.

Tacaíonn talamh feirme, páirceanna, eastáit agus fálda sceach Fhine Gall le raon fiadhúlra, speicis faoi chosaint san áireamh. Tá a lán ceantar a bhfuil tírdhreach ardchaighdeán acu sa chontae, Gleann na Life agus Cnoic na hAille. Ainmnítear leithinis Bhinn Éadair mar cheantar taitneamhachta speisialta (mar an gcéanna le Gleann na Life) agus meallann sé líon ard cuairteoirí. Is féidir dul ag siúl in aice le hailte ann, agus tá ailtireacht dhúchasach ar leith, oidhreacht seandálaíochta agus bithéagsúlacht shaibhir ann chomh maith.

Tá oidhreacht chultúrtha shaibhir ag Fhine Gall, agus tá níos mó ná 1,000 leacht agus suíomh seandálaíochta taifeadta go dtí seo, chomh maith le 800 struchtúr cosanta agus 32 Limistéar Caomhantais Ailtireachta. Tá Fhine Gall ag mealladh lonnaitheoirí agus ionróirí le beagnach 10,000 bliain anuas mar gheall ar rochtain ar an bhfarraige, ithir shaibhir agus a ghaire atá sé do Bhaile Átha Cliath. Léirítear an stair fhada lonnaithe seo in oidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta an chontae, na tuamaí

³ Bainistítear an bithsféar ag an Comhpháirtíocht Bithsféir Chuan Bhaile Átha Cliath, ina bhfuil Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Cuideachta Poirt Bhaile Átha Cliath, agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra baili di.

pasáiste ag Brí Mhór, an ceann tíre ón Iarannaois ag Droim Meánach, na lonnárthaí eaglasta cosúil leis na cloigthe ag Sord agus Lusca agus an túrtheach ag Dún Sochlaigh san áireamh. Is féidir an fhorbairt leantach i gcaitheamh na mblianta a fheiceáil, mar shampla na teachíní tuí, na hionaid feirmeoireachta, na tírdhreacha deartha, na diméinte agus eastáit tuaithe cosúil le hArd Giolláin, Teach Dhroichead Nua, Caisleán Mhullach Íde agus Caisleán Bhaile Lotrail. Tugann an oidhreacht dhúchasach de struchtúr agus foirgnimh stairiúla, atá soiléir faoin tuath agus sna bailte agus sráidbhailte ar fud an chontae, deiseanna le haghaidh athúsáid chuí.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ar cheann de na húinéirí is mó de láithreacha oidhreachta sa tír chomh maith, raon tithe agus eastát stairiúil, foirgnimh stairiúla leabharlainne agus túir Martello san áireamh. Bainistíonn an Chomhairle os cionn 2,000 heicteár fearainn pháirce agus bláir phoiblí, agus déanann sé cothabháil air. Tá thart ar 40% (800 ha) den talamh seo lonnaithe in eastáit stairiúla agus tírdhreacha deartha ón 17ú, 18ú agus 19ú hAois. Tá fuilleach ceilte dár stair faoin talamh i go leor páirceanna agus spásanna oscailte, cosúil leis na láithreacha adhlastha ag an Tobar Naofa, Sord, nó na himfháluithe ón Iarannaois ag Páirc na Rós, Baile an Ridire.

Tá traidisiúin láidre ag an gcontae maidir le gairneoireacht, talmhaíocht agus iascaireacht. Tá oidhreacht talmhaíochta agus tionsclaíoch Fhine Gall le feiceáil i raon láithreacha a bhaineann le hiompar, déantúsaíocht agus táirgeadh bia, cosúil leis an muileann gaoithe sna Sceirí agus Muileann Gaoithe Shackleton i nGleann na Life.

Léirítear an oidhreacht chultúrtha ar leith den chontae i dteanga, ceol agus traidisiúin. Tá oidhreacht teanga Fhine Gall le feiceáil sna leaganacha logánta a úsáidtear sa chontae, a ndéantar tagairt dóibh sna taifid stairiúla mar ‘Fingallian’, teanga a meastar a bhfuil a bhunús aici ón nGaeilge agus Fraincis. Aithnítear tábhacht na Gaeilge go fóill agus cuirtear chun cinn í trí Choiste Gaeilge Comhairle Fhine Gall. Tá raon cuspóirí sa Phlean Forbartha Fhine Gall maidir le cur chun cinn agus cosaint na Gaeilge a éascú, mar shampla áiseanna Gaeilge agus logainmneacha a sholáthar agus Gaeilge a úsáid ar aghaidheanna siopaí.

Tá dlúthbhaint ag Fhine Gall leis an bpáib uilleann. Sa bhliain 2017 cuireadh an pháib uilleann le Liosta Ionadaíoch UNESCO den Oidhreacht Chultúir Dholáimhsithe den Chine Daonna⁴. Is ionaid do na healaíona, cruthaitheacht agus gníomhaíocht

⁴ Ar an Liosta Ionadaíoch UNESCO den Oidhreacht Chultúir Dholáimhsithe den Chine Daonna, tá na gnéithe dholáimhsithe oidhreachta sin a chuidíonn le héagsúlacht na hoidhreachta seo a léiriú agus feachtas maidir lena dtábhacht a mhéadú.

Réamheolas

chultúrtha iad an tlonad Seamus Ennis san Aill, a ainmníodh i gcuimhne an píobaire uilleann cáiliúil agus bailitheoir ceoil agus béaloidis, agus Draíocht i mBaile Bhlainséir. Saibhrítear oidhreacht Fhine Gall a thuilleadh ag éagsúlacht eitneach ár bpobail, a chuireann gné ilchultúrtha lenár scéal.

Plean Oidhreachta Fhine Gall 2011–2017

Leagadh amach 48 beart sa dara plean oidhreacht don chontae thar thréimhse sé bliana den phlean. Leagadh amach na bearta faoi cheithre théama a bhain le cumarsáid, aire a thabhairt dár n-oidhreacht, an leibhéal gníomhaíochta pobail maidir le hoidhreacht a mhéadú agus tacaíocht a thabhairt don gheilleagar áitiúil. I rith thréimhse an phlean reatha, cuireadh beagnach 80% de na bearta i gcrích nó tá siad fós ar siúl.

Tá gné chumarsáide ag gach tionscadal an phlean oidhreachta ón tús. Tá eolas maidir le hoidhreacht ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag www.fingal.ie/planning-and-buildings/heritage-in-fingal/, agus baintear úsáid as na meáin shóisialta le cumarsáid rialta a dhéanamh le lucht spéise níos leithne (m. sh. www.facebook.com/fingal-cultural-heritage/). Cuireadh oidhreacht san áireamh in aipeanna fóin chliste, cosúil leis an Treoir Fuaime le haghaidh Chonair Oidhreachta Shoird. Forbraíodh teimpléid le haghaidh comharthaí oidhreachta don chontae agus rinneadh comharthaí ag foirgnimh stairiúla a nuashonrú. Tugadh faoi chomhthionscnaimh le luach na hoidhreachta a chur in iúl, cosúil leis an tionscadal “Déantar gach píosa aráin as adhmaid” le hOifig Ealaíon Fhine Gall, inar úsáideadh fianaise chomhshaoil a fuarthas le linn na tochailte ag Caisleán Shoird, chomh maith leis na modhanna bÁCála agus déanta bia ó stair Thuaisceart Contae Bhaile Átha Cliath, leis an seanchultúr áitiúil bia a chur faoi chaibidil.

Áirítear bearta a cuireadh i bhfeidhm faoin téama ‘Aire a thabhairt d’Oidhreacht’ pleananna maidir leis an ríocht phoiblí do Bhaile Brigín agus Mullach Íde a fhoilsiú, roinnt creatlacha forbartha do shráidbhailte a fhoilsiú (mar chuid de Phleananna Ceantair Áitiúil) a shoilsiú, agus Máistirphleananna d’Inbhear Bhaile Roiséir agus Inis Mac Neasáin. Ar an iomlán, cuireadh 26 beart ón bPlean Bithéagsúlachta Fhine Gall i gcrích nó cuireadh tús leo. Áiríodh leis na tionscadail tionscadail nuálacha caomhantais cosúil leis an tionscadal chun an phatraisc liath a thabhairt isteach arís, i gcomhar le hlontaobhas Caomhnaithe na Patraisce Léithe agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.





Clós Chaisleán Mhullach Íde

Cuireadh Pleananna Caomhantais i gcrích do Theach Dhroichead Nua agus Caisleán Bhrí Mhór, chomh maith le Máistirphlean don Cheathrú Chultúrtha Shoird. Tugadh faoi oibreacha caomhantais ag roinnt láithreacha, Caisleán Shoird, Teach Dhroichead Nua, dún ceann tíre Dhroim Meánach, Caisleán Stella agus an séipéal i bPáirc San Caitríona. Cuireadh measúnú ar leachtanna seandálaíochta ar fud Fhine Gall i gcrích mar chuid den chlár Comhairleoir na Séadchomharthaí Allamuigh, agus forbraíodh córais chothabhála do láithreacha agus leachtanna seandálaíochta atá lonnaithe i spás oscailte.

Forbairt shuntasach a rinneadh le déanaí ab ea ról an tSeandálaithe Pobail a chur ar bun sa bhliain 2017, arna tacú ag an gComhairle Oidhreachta. Tá straitéis maidir le Seandálaíocht Phobail á forbairt chun pobal an lae inniu a éascú le dul i ngleic leis an am atá thart ar bhealaí éagsúla cosúil le tochairtí agus suirbhéanna.

Tá aircív dhigiteach de na taifid ó na mionstaidéir seandálaíochta a rinneadh i bhFine Gall cruthaithe trí rannpháirtíocht Fhine Gall i dtionscadal GIS de chuid Sheandálaíocht Bhaile Átha Cliath. Cuirtear tuairiscí gníomhaíochta seandálaíochta atá ceadúnaithe

Réamheolas

ar fáil, chomh maith le sonraí stairiúla comhlántacha, do Chontae Bhaile Átha Cliath ar fad (féach <https://heritagemaps.ie/>). Forbraíodh an suíomh gréasáin ‘Buried in Fingal’ ar a bhfuil taifid maidir le daoine atá curtha i bhFine Gall agus nótaí stairiúla ar gach ceann de reiligí na Comhairle.

Tugadh comhairle d’úinéirí láithreacha chaomhnú an dúlra, leachtanna seandálaíochta agus struchtúir chosanta ar bhonn leanúnach. Tacaíodh le cúram na suíomhanna agus bailiúchán tábhachtach oidhreachta, mar shampla, trí chaidreamh leanúnach leis an larsmalann Náisiúnta Iompair, Binn Éadair agus úinéirí Chaisleán Dhún Sochlaigh. Sa bhliain 2016, tugadh faoi mhóráthbhreithniú ar struchtúir chosanta. Rinneadh 92 struchtúr a chur le agus 172 a bhaint de Thairfead na Struchtúr Cosanta. Déantar ionchur sa phróiseas pleanála ar bhonn leanúnach, ionchur maidir le hoidhreacht i bpleananna agus straitéisí na Comhairle san áireamh. Le linn thréimhse an Phlean, d’fhorbair an Chomhairle Polasaí Ainmnithe agus Leachtanna Cuimhneacháin agus chuir sí Coiste Ainmnithe agus Leachtanna Cuimhneacháin na Comhairle ar bun.

Lean Comhairle Contae Fhine Gall de thacaíocht a thabhairt do phobail áitiúla aire a thabhairt d’oidhreacht trí thacú le hobair an Líonra Oidhreachta Fhine Gall agus grúpaí oidhreachta áitiúla, mar shampla tríd an gClár Comórtha Céad Bliain Fhine Gall 2016 agus scéimeanna deontas pobail de chuid Éire Ildánach. Thacaigh an Chomhairle le glantacháin áitiúla aibhneacha agus chósta, agus ghlac sí páirt i dtionscnaimh náisiúnta cosúil le Comórtas na mBailte Slachtmhara de chuid Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí. Tugadh deis do dhaoine óga dul ag taiscéalaíocht sa cheantar Bhaile Átha Cliath 15 le linn imeacht oidhreachta seandálaíochta tríd an tionscadal *Hidden Treasures* do scoileanna agus grúpaí óige, a forbraíodh le Safer Blanchardstown.

Mar gheall ar ról na Comhairle atá ag athrú, bhí baint níos díri ag an gComhairle le clár fairsing imeachtaí a sholáthar don phobal, imeachtaí suaitheanta cosúil le Blas Fhine Gall. Cuireadh téamaí oidhreachta san áireamh sna himeachtaí seo ar bhonn rialta agus tacaítear leis na clár Seachtain na hOidhreachta agus Oíche Chultúir i bhFine Gall chomh maith ag an gComhairle.

Sa bhliain 2016, bhí an Chomhairle i gceannas ar an gComóradh Céad Bliain sa Chontae a chur chun críche. Bhí raon imeachtaí ar siúl, filíocht, amharclannaíocht, scannánaíocht, léamha an fhorógra, searmanais chomórtha inar cuireadh crainn agus athléirithe stairiúla san áireamh. D’eagraigh cartlann Fhine Gall taispeántas maidir leis an mBriogáid Fhine Gall dar theideal ‘Fingal agus an Troid ar son Shaoirse na hÉireann’.





Tochailt Seandálaíochta ag Sord

Sa bhliain 2017, áiríodh leis an gcéad Chlár Éire Ildánach bliantúil d'Fhine Gall (toradh den chlár Comórtha Céad Bliain) clár éagsúil imeachtaí agus tionscadal. Cuireadh tús leis an gclár le Cruinniú na Cásca a thug os cionn 4,000 duine go dtí Caisleán Shoord chun ceiliúradh a dhéanamh ar chruthaitheacht agus cultúr i bhFine Gall. Chuir an Clár Éire Ildánach d'Fhine Gall tionscadail oidhreachta os comhair an phobail, tionscadail cosúil le *Swords Castle Digging History* ar éirigh go han-mhaith leis. Mar chuid den tionscadal seandálaíochta pobail seo, cuireadh ar chumas daoine áitiúla páirt a ghlacadh i dtochailt seandálaíochta ag Caisleán Shoord.

Ghlac Comhairle Contae Fhine Gall páirt sa Líonra Bonneagair Ghlais (GreenInfraNet), ar tionscadal de chuid Interreg é, a thug 12 réigiún ar fud na hEorpa le chéile le foghlaim óna chéile maidir le polasaí agus soláthar bonneagair ghlais.

Aithnítear i Straitéis Turasóireachta Fhine Gall 2015-2018 an tábhacht a bhaineann le hoidhrecht Fhine Gall. Is cuid lárnach de bhranda Fhine Gall í, branda atá ag athrú i gcónaí. Tá straitéis i bhfeidhm maidir le margaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh trí eolas a scaipeadh agus fógraíocht réamhghníomhach a dhéanamh. Anuas air sin, forbraíodh suíomhanna gréasáin do Chaisleán Mhullach Íde, Teach

Réamheolas



Dhroichead Nua, Caisleán Ard Giolláin agus Muilte na Sceirí. Tugadh faoi Athbhreithniú Straitéiseach ar Bhainistíocht na Réadmhaoine Oidhreachta de chuid Fhine Gall, agus tabharfaidh sé eolas do phleananna maidir le hinmharthanacht agus inbhuanaitheacht amach anseo.

Plean Oidhreachta Fhine Gall 2018–2023

Cuirtear deis ar fáil mar chuid den tríú Plean Oidhreachta d’Fhine Gall chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun plean oibre a fhorbairt le treoir a thabhairt do na hiarrachtaí athnuaite le hoidhreacht shaibhir agus éagsúil Fhine Gall a chosaint, a bhainistiú agus a chur chun cinn. Tugann an Fóram Oidhreachta, ar grúpa comhairleach neamhrechtúil é, comhairle don Chomhairle maidir leis an bPlean a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Cruinníonn an grúpa le chéile trí huair sa bhliain, de ghnáth.

Tugadh eolas d’fhorbairt na dtéamaí agus na mbeart sa Phlean nua Oidhreachta Fhine Gall 2018–2023 ag comhairliúchán le páirtithe leasmhara, idir sheachtracha agus inmheánacha, chomh maith le hathruithe ar an gcomhthéacs níos leithne oibriúcháin.

Comhthéacs

Fine Gall – contae éagsúil atá ag fás

D'fhonn a bheith éifeachtach agus an pobal a mhealladh, ní mór go bhfreagróidh téamaí agus bearta an Phlean Oidhreachta d'athruithe déimeagrafacha, sóisialta agus eacnamaíochta sa tír. Tá Fine Gall ar cheann de na contaetha is mó fás in Éirinn. Tá an daonra óg agus éagsúil ó thaobh eitneachta agus cultúir de; léirítear sa daonáireamh 2016 gur tháinig méadú beagnach 80%⁵ ar ár ndaonra le 20 bliain anuas, i gcomparáid le 30% ar fud na tíre thar an tréimhse chéanna. Tháinig méadú 8% ar dhaonra Fhine Gall ón daonáireamh sa bhliain 2011, agus meastar go mbeidh an daonra os cionn 330,000⁶ sa bhliain 2021. D'fhás na bailte Sord, Baile Bhlainséir agus Baile Brigín go mór le blianta beaga anuas.

Tá daonra óg agus éagsúil ag Fine Gall agus beidh cuir chuige nua ag teastáil le lucht spéise nua a mhealladh i dtreo oidhreachta. Léirigh Éire 2016, an Comóradh Céad Bliain, conas is féidir le hoidhreacht, cultúr agus na healaíona an pobal a spreagadh agus a mhealladh. Beidh sé ríthábhachtach, ó thaobh an pobal a mhealladh i dtreo na hoidhreachta i bhFine Gall de, go gcuimseoidh daoine ó gach grúpa sóisialta, eitneach agus aoise.

Cé gur léir go bhfuil fáilte roimh an téarnamh geilleagrach, beidh gá tuilleadh oibre a dhéanamh chun oidhreacht a chosaint agus a bhainistiú ar bhonn inbhuanaithe mar gheall ar an tús atá curtha le tógáil agus forbairt le héileamh an phobail ar thithíocht, seirbhísí agus áiseanna a shásamh. Beidh cuir chuige dea-chleachtais ag teastáil, chomh maith le bainistíocht chuí cuairteoirí agus acmhainní leordhóthanacha le haghaidh láithreacha a chothabháil agus a bhainistiú.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta do phobail inbhuanaithe a fhorbairt trí chomhfhorbairt áite ina gcuimsítear cur chuige ilghnéitheach i leith forbairt a phleanáil, a dhearadh agus a bhainistiú. Tá sé mar aidhm ag an gcur chuige seo, atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Fhine Gall, timpeallachtaí tógtha agus nádúrtha atá sábháilte agus inrochtana a sholáthar, timpeallachtaí a léiríonn nádúr agus oidhreacht ar leith an chontae.

⁵ Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall 2016–2020

⁶ Plean Corparáideach Chomhairle Contae Fhine Gall 2015–2019



Comhthéacs

An t-athrú ar ról na nÚdarás Áitiúil

Tá Tús Áite a Thabhairt do Dhaoine: Clár Gníomhaíochta le haghaidh Rialtas Áitiúil Éifeachtach⁷, a foilsíodh sa bhliain 2012, bunaithe ar cheithre phríomhphrionsabal. Is é an chéad phrionsabal *'Níos mó a dhéanamh ar son an gheilleagair, fiontair agus an phobail áitiúil'*. Mar gheall air sin, tá ról níos mó ag an gComhairle maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt gheilleagrach agus obair a dhéanamh ar son téarnamh náisiúnta agus fás geilleagrach, páirt níos dlúithe a ghlacadh i bhforbairt phobail agus áitiúil, chomh maith le ról leathan ceannaireachta agus comhordaithe go háitiúil. Tá na hathruithe atá tagtha ar ról na Comhairle léirithe i bhforbairt an Phlean Oidhreachta seo.

Anuas air sin, bhí ag méadú ar an aitheantas sa Chomhairle go gcuireann an gnáthdhuine suim in oidhreacht, mar cuireann sé tairbhí ríthábhachtacha eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil ar fáil don Chontae agus a saoránaigh. Léirítear é seo i bpríomhthionscadail cosúil le hathchóiriú an Chaisleáin Shoird, atá lárnach i gCeathrú Chultúrtha Shoird atá beartaithe, a spreagfaidh gníomhaíocht dhírithé chultúrtha agus a chuirfidh ionad ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht sa phobal leis na healaíona, cruthaitheacht agus oidhreacht.

Tá béim níos mó leagtha ar rannpháirtíocht sa phobal agus comhairliúchán anois, agus is gné lárnach d'obair Chomhairle Contae Fhine Gall í. Thriail an Chomhairle modhanna nua le haghaidh comhairliúcháin phoiblí, mar shampla, suirbhéanna ar an tsráid maidir leis na Pleananna Réimse Poiblí Mhullach Íde agus Bhaile Brigín, comhairliúchán poiblí agus foirne maidir leis an gCeathrú Chultúrtha Shoird agus an tairseach nua ar líne do chomhairliúcháin, Consult Fingal.

Tá an Chomhairle i mbun oibre chun cuir chuige nua a fhorbairt chomh maith, d'fhonn lucht spéise a mhealladh i dtreo oidhreachta agus cultúir. Mar shampla, tá Féile Ceoil Dhomhanda beartaithe ag Caisleán Ard Giolláin i mBealtaine 2018. Is é smaoineamh na féile cultúr a roinnt agus ceiliúradh a dhéanamh ar phobail éagsúla. Is deis oiriúnach do theaghlaigh, i spás roinnte, í an fhéile chun an pobal a mhealladh le damhsa, na healaíona, oidhreacht, cultúr agus drámaíocht.

⁷ Tús Áite a Thabhairt do Dhaoine; áirítear leis na príomhphrionsabail: Níos mó a dhéanamh ar son an gheilleagair, fiontair agus an phobail áitiúil; beidh ról níos mó ag údarás áitiúil maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhiontair agus forbairt gheilleagrach níos leithne a chur chun cinn, agus ar an mbealach sin jabanna a chothú agus a chruthú. Déanfar scrúdú ar chumas an rialtais áitiúil ról ceannasaíochta agus comhordaithe a imirt go háitiúil, ag déanamh forbairt ar a ról i bpobail inbhuanaithe a fhorbairt; mar shampla, maidir leis na hearnálacha cosúil le hoideachas, sláinte agus leas http://drcd.gov.ie/wp-content/uploads/putting_people_first.pdf



Deisiú deontais ar dhíon tuí ar Sheanteach Choill na Sceiche, an Ros

An comhthéacs beartais

Tugtar comhthéacs d'fhorbairt an Phlean Oidhreachta ag raon beartas ag an leibhéal náisiúnta agus leibhéal an chontae. Tacaíonn an Plean Forbartha Fhine Gall 2017–2023, a bhfuil dualgas reachtúil ar an gComhairle é a chur i bhfeidhm, leis an gcur i bhfeidhm iomlán den Phlean Forbartha Fhine Gall agus tá raon cuspóirí ar leith ag an gComhairle chun cuidiú le hoidhreacht agus bonneagar glas a chosaint agus a chomhtháthú sa phróiseas pleanála. Cinntíonn an Plean go gcosnaítear agus go mbainistítear luach intreach ár n-oidhreacht nádúrtha cultúrtha seandálaíochta agus ailtireachta mar chuid den phróiseas pleanála.

Leagadh amach sa doiciméad comhairliúcháin na Comhairle Oidhreachta⁸, a foilsíodh le déanaí, fíís ina mbraitheann daoine aonair agus pobail go bhfuil baint níos mó acu lena gceantar. Tugtar faoi deara chomh maith an bhéim a leagadh ar oidhreacht i doiciméid beartais náisiúnta a foilsíodh le déanaí, lena n-áirítear Éire Ildánach, Cultúr 2025, an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha, Ag Forbairt na Turasóireachta go dtí 2025 agus an Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. Ba cheart tabhairt faoi deara gur gheall an Rialtas chomh maith Plean Náisiúnta Oidhreachta a fhorbairt agus go gcuirfeadh tús leis an bpróiseas sa bhliain 2018.

⁸ *Valuing People and Place, An Chomhairle Oidhreachta 2018-2022, Doiciméad Comhairliúcháin (2017)*

Comhthéacs



Caisleán Bhaile an Lónaigh

Ag leibhéal an chontae, tá an plean oidhreachta ag teacht leis na pleananna reatha agus atá ag athrú. Léiríonn na pleananna seo tábhacht na hoidhreachta i sainchúram níos leithne na Comhairle, cosúil le straitéisí a bhaineann le bithéagsúlacht, na healaíona, turasóireacht, spásanna oscailte, seandálaíocht phobail, Contae Aoisbháúil agus Cruthaitheacht agus Cultúr. Tugann sé seo deiseanna ar fáil maidir le gníomhaíocht thrasrannach chomhtháite, sineirgí féideartha agus rannpháirtíocht níos mó sa phobal. Éascóidh sé seo cur chuige comhtháite i leith seirbhísí oidhreachta agus bainistíocht oidhreachta i bhFine Gall.

Cé go leanann Comhairle Contae Fhine Gall de thacaíocht a thabhairt don phobal le páirt a ghlacadh in oidhreacht trí raon seirbhísí oidhreachta agus cultúrtha (féach an chéad mhír eile le haghaidh sonraí), is forbairt shuntasach a rinneadh le déanaí, ó thaobh rannpháirtíocht an phobail in oidhreacht agus cultúr de, é an Clár Éire Ildánach. Is é Éire Ildánach clár an rialtais a d'eascair as Éire 2016, a raibh leibhéal gan réamhshampla fiosrúchán stairiúil, gníomhaíochta pobail agus rannpháirtíocht chultúrtha ina gcomharthaí sóirt aige. Bhí raon éagsúil imeachtaí ar siúl i bhFine Gall mar chuid den chlár Comórtha Céad Bliain. Áiríodh leis seo athléirithe, taispeántais, cainteanna, agus laethanta earraí cuimhneacháin inar roinn daoine den phobal déantáin, doiciméid agus scéalta maidir le 1916. Féadfar go gcuirfear san áireamh iad i mbailiúchán nua cartlainne.



Is é Éire Ildánach an príomhbhealach cur i bhfeidhm maidir leis na tosaíochtaí a shaináithnítear i ndoiciméad beartais an Rialtais, Cultúr 2025, Éire Ildánach, Creat-Bheartas go dtí 2025. Tá ról lárnach ag Údarás Áitiúla sa seachadadh foriomlán áitiúil den chlár Éire Ildánach agus tugtar údarás dóibh agus dóibh amháin, trína bhfoirne cultúir⁹, Piléar 2 den chlár a sheachadadh – Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal. Cuireadh Foireann Chultúir agus Chruthaitheacht Fhine Gall ar bun sa bhliain 2017 le bheith i gceannas ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm an Chláir d’Fhine Gall agus le daoine eile a spreagadh le páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht chultúrtha, agus cruthaitheacht phearsanta agus chomhchoiteann. Is bealach tábhachtach eile í an fhorbairt seo le haghaidh obair níos fearr trasrannach a dhéanamh chun oidhreacht a chosaint agus a chur chun cinn.

Tá tionchar ag na cúinsí comhthéacsúla seo ar na téamaí agus na bearta sa phlean nua chun treoir a thabhairt do chur chuige dinimiciúil agus freagrach i leith aird a thabhairt d’oidhreacht agus an pobal i gcoitinne a mhealladh i ndáil leis sin.

⁹ Moladh go gcuirfeadh Aonaid Chultúir in Údarás Áitiúla ar bun, le tacú le soláthar seirbhísí cultúir níos fearr ag an leibhéal áitiúil, i gCultúr 2025, Éire Ildánach, Creat-Bheartas go dtí 2025 (An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta 2016).

Comhairliúchán

Mar chuid den phróiseas chun an Plean Oidhreachta a dhréachtú, cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin i nDeireadh Fómhair 2017. Cuireadh fáilte roimh aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara ar thairseach ar líne chomhairliúcháin de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall, www.consult.fingal.ie. Socraíodh cruinnithe chomh maith leis na grúpaí seo a leanas chun cuireadh a thabhairt dá n-ionchur:

- Líonra Oidhreachta Fhine Gall
- Comhairle na nÓg Fhine Gall
- Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Fhine Gall

